2024/2103

1.8.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2103 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Iúil 2024

maidir le caighdeán comhchuibhithe i ndáil le cian-sainaithint dhíreach le haghaidh aerárthach gan foireann a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún ([2]), i gcás táirge atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, ar foilsíodh tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil sé i gcomhréir leis na ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó le codanna díobh a leagtar amach i gCodanna 1 go 6, 16 agus 17 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 6148 ón gCoimisiún ([3]), rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 (an 'iarraidh').

(3) Ar bhonn na hiarrata sin, dhréachtaigh CEN caighdeán comhchuibhithe EN 4709-002:2023 lena dtugtar aghaidh ar na ceanglais cian-sainaitheanta dírí is infheidhme maidir le Córais Aerárthaí Gan Foireann agus maidir le breiseáin cian-sainaitheanta dírí.

(4) Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann caighdeán comhchuibhithe EN 4709-002:2023 an iarraidh.

(5) Ós rud é nach gcumhdaítear le caighdeán comhchuibhithe EN 4709-002:2023 na ceanglais a leagtar amach i gCuid 2, pointe (12)(b), Cuid 3, pointe (14)(b), Cuid 4, pointe (9)(b), agus Cuid 6 pointe (3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 a bhaineann leis an gcumas an comhartha cian-sainaitheanta dírí a fháil ar ghléasanna móibíleacha atá ann cheana, ba cheart an tagairt don chaighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le srian.

(6) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin chomhchuibhithe sin a fhágann go nglactar leis go bhfuiltear i gcomhréir leis na ceanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.?locale=ga.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_del/2019/945/oj?locale=ga).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2020) 6148 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2020 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) i gcás córais aerárthaí gan foireann atá beartaithe lena n-úsáid sa chatagóir oibríochtaí 'oscailte' chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An tagairt don chaighdeán comhchuibhithe i ndáil le cian-sainaithint dhíreach córais aerárthaí gan foireann a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 agus a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, leis seo déantar an tagairt sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le srian.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin
1	EN 4709-002:2023 Sraith aerspáis - Córais Aerárthaí Gan Foireann - Cuid 002: Cian-sainaithint dhíreach **Srian:** Ní rud é caighdeán comhchuibhithe EN 4709-002:2023 a fhágann go nglactar leis go bhfuiltear i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid 2(12)(b), Cuid 3(14)(b), Cuid 4(9)(b), agus Cuid 6(3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/945 lena gceanglaítear go gcraolfaidh an fheidhm cian-sainaitheanta dírí an comhartha 'ar bhealach ar féidir é a fháil go díreach ar ghléasanna móibíleacha atá ann cheana laistigh den raon craolacháin'.